C/2026/5438

20.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5438)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Prosciutto di Norcia'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1554-AM01 — 30.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Prosciutto di Norcia'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC Prosciutto di Norcia toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e.:

— níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm;

— níl baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Sainmhíniú ar an gcéim fáis

Tuairisc

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 6, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Sainmhínítear 'fás' sa leasú mar an chéim ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair mar an chéim de bheathú muc idir 30 kg agus 80 kg de bheomheáchan, agus sonraítear gurb é atá i gceist le fás an chéim tar éis an diúil agus an scoite.

Cúis: Is iomchuí an chéim 'fás' a shoiléiriú chun a thabhairt le fios gurb ann do chéim thábhachtach den mhodh táirgthe, ar lena linn a fhéadfar na muca a bheathú leis na hamhábhair uile a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte, agus i ndiaidh na céime sin tá an diúl agus scoitheadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Beomheáchan muc sa chéim fáis

Tuairisc

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 6, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an meáchan uasta ag deireadh na céime, ar a dtugtar 'an chéim fáis' anois, ó 80 kg go 85 kg.

Cúis: Tá an méadú sin nasctha le forbairtí sa ghéineolaíocht agus sa chothú, agus le cur i bhfeidhm caighdeán leasa ainmhithe (Treoir 2008/120/CE), ar dá dtoradh a tháinig feabhas ginearálaithe ar acmhainneacht fáis muc.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Beathú muc sa chéim fáis

Tuairisc

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 3, míreanna 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13 agus 14 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Cumasctar leis an leasú na trí thábla sa tsonraíocht táirge a bhaineann leis na beathaí a cheadaítear le linn na chéad chéime (30-80 kg) agus le linn an dara céim (os cionn 80 kg) chomh maith leis na ceanglais bhreise a leagtar síos, agus comhcheanglaítear iad i 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe', a tugadh isteach le haghaidh na céime fáis agus atá le húsáid freisin le haghaidh na céime méathaithe.

Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar '*mais*' ach ina ionad sin mar '*granturco*';

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'meidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar 'lino, expeller' ach ina ionad sin mar 'panello di lino', agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach: • 'beatha asbhrúcháin rois', 'min rois', 'beatha mine rois';

— tagraítear do ‘prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíonta cothaitheacha’ anois mar ‘laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin’;

— tagraítear do ‘giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula’ anois mar ‘giostaí’;

— tagraítear do ‘min úsctha ginidín arbhair Indiaigh’ (úsáidtear an focal ‘*mais*’ san Iodáilis) anois mar ‘min ginidín arbhair Indiaigh’ (úsáidtear an focal ‘*granturco*’ san Iodáilis);

— tagraítear do ‘triosc driogaireachta’ anois mar ‘ábhair intuaslagtha agus triosc tirim driogaireachta’, agus sonraítear ‘go dtuigtear gur táirgí iad a fhaightear agus alcól á tháirgeadh trí choipeadh agus maistreán gráin de ghránaigh agus/nó de stáirse agus de tháirgí eile ina bhfuil siúcra á dhriogadh’;

— tagraítear do ‘biatas, laíon díhiodráitithe’ anois mar ‘laíon biatais díhiodráitithe’;

— ‘tagraítear do ‘min scadáin Atlantaigh’ anois mar ‘min éisc’;

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— ‘carúb a bhfuil na clocha bainte as’;

— ‘líseáití próitéine’;

— ‘prátaí díhiodráitithe’;

— ‘casabhach’;

— ‘biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe’;

— ‘min úsctha seasamain’;

— ‘próitéiní ainmhithe, i gcás ina gceadaítear sin le reachtaíocht an Chomhphobail’.

Scriosadh an tagairt shonrach do ‘coirce’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim);

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgam’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %).

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 3 %).

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas leis:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’, ‘beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta glasraí léagúmacha eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’ suas le 10 %).

Athraíodh ‘min úsctha soighe’ go dtí ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon a shocrú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus ráib olashíl a úscadh.

Leasaíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %.

Cuireadh isteach an rogha breiseáin a úsáid.

Tugadh isteach tagairt shonrach don fhéidearthacht an chiondáil bheatha a thabhairt i bhfoirm leachtach, trí uisce agus/nó meidhg agus/nó bláthach a úsáid, nó i bhfoirm thirim.

Socraíodh an uasteorainn saille in ábhar tirim na haiste bia ag 7 % le haghaidh an dá chéim.

Baineadh na paraiméadair cheimiceacha maidir le garbhshnáithín, garbhphróitéin, luaith agus giosta, arna sloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim sa chiondáil bheatha.

Cúis: ‘Tábla na n-amhábhar ceadaithe’ cumaiscthe a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, agus na trí thábla níos luaithe a bhaint, an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos éasca le léamh agus le cur i bhfeidhm, agus faireachán a éascú.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar freisin ionas go mbeidh siad i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1017. An téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Baineadh na hamhábhair ‘carúb a bhfuil na clocha bainte as’, ‘líseáit phróitéine’, ‘prátaí díhiodráitithe’, ‘casabhach’, ‘biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe’, ‘min úsctha seasamain’, toisc gur ar éigean a úsáidtear na hamhábhair sin i mbeathú muc trom ar chúiseanna teicniúla nó cúiseanna a bhaineann le cáilíocht nó toisc go bhfuil sé deacair iad a fhoinsiú nó toisc go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu.

Baineadh ‘próitéiní ainmhithe’ toisc nach n-úsáidtear iad a thuilleadh i bhfianaise na srianta rialála ar mhin feola a tugadh isteach le déanaí.

Scriosadh an tagairt do ‘coirce’ toisc go dtagann sí faoin gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Méadaíodh an céatadán ag a bhféadfar ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ a úsáid toisc gur amhábhar é a bhfuil cion ard próitéine ann, tá sé úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus tá sé thar a bheith indíleáite.

Méadaíodh an úsáid a bhaintear as ‘bláthach’ (le linn na céime fáis), ‘arbhar Indiach’, ‘sorgam’, ‘cruithneacht’, ‘triteacál’, ‘laíon biatais díhiodráitithe’, ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’ agus ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’ toisc go raibh na hamhábhair sin ina mbunús i gcónaí le haistí bia traidisiúnta muc trom agus chomh maith leis sin, i bhfianaise na bhfeabhsuithe atá déanta in earnáil na beatha le 10 mbliana anuas, toisc go gcuidíonn siad le hiontógáil snáithíní agus feidhmeanna ríthábhachtacha na muc a fheabhsú.

Tugadh isteach úsáid ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’ le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é, leis an teorainn 7 % le saill san ábhar tirim san aiste bia agus an teorainn 2 % le haigéad líonoiléach, go n-áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumhdaigh saille ag na muca de chineálacha géiniteacha éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge.

Cuireadh isteach ‘Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’ toisc, le linn na céime fáis, go soláthraíonn sé fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Úsáidtear ‘min arbhair Indiaigh lándéise’, atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín a thabhairt do na hainmhithe.

Áirithítear leis an méadú ar chéatadán na ‘piseanna’ go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach agus, murab ionann agus glasraí léagúmacha, go bhfuil tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Cuireadh ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’ agus ‘beatha mine rois’ isteach toisc gur amhábhair iad atá cosúil le ‘asbhrúchán rois’, a coinníodh sa tsonraíocht táirge, agus a áirítear i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Amach as ‘sadhlas arbhair Indiaigh’ agus ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, a bhfuil an dara ceann sin lán le vitimín B, cuireadh isteach anois iad i gcás na céime méathaithe freisin, agus is amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach brait saille sna muca agus, mar gheall ar a gcion ard snáithín, déanann muca fásta iad a dhíleá i bhfad níos fearr ná muca óga.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh’, tugadh ‘ráib olashíl’ isteach sa liosta amhábhar as an nua toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáit agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil.

Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min ráibe olashíl’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min ráibe olashíl’ agus ‘beatha mine ráibe olashíl’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh. ní féidir na hábhair bheatha ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás ina tugtar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún cothrom le dáta. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, rinneadh an céatadán a shocrú ag 20 % le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muc oiriúnach chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh. Ós rud é gur príomh-shaintréith é cion amhshaille an amhábhair, leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim agus áirítear é sna nótaí a chuirtear isteach tar éis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min (pónaire) soighe’ agus ‘beatha mine (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh; Ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, atá socraithe anois ag 10 %: tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat na saille iomchuí ag na muca oiriúnach do Prosciutto di Norcia a tháirgeadh; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min síolta lus na gréine’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min síolta lus na gréine’ agus ‘beatha mine síolta lus na gréine’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh; Ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Leis an tagairt do na lamháltais maidir le hamhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir le reachtaíocht bheatha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Leis an tagairt do na bealaí inar féidir an chiondáil bheatha a riaradh, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Is féidir le húsáid breiseán cabhrú le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar ‘thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Leis an uasteorainn saille 7 % le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, in éineacht le teorainn an aigéid líonoiléaigh, áirithítear leibhéal optamach brait saille le haghaidh na muc a úsáidtear chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh; tá an dá chritéar sin fíor-riachtanach, toisc gur méadaíodh amhábhair a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí saillte a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht bhrat saille na muc (arbhar Indiach) nó gur tugadh isteach iad (lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu le haghaidh na céime méathaithe chomh maith).

Is iomchuí na paraiméadair cheimiceacha le haghaidh garbhshnáithín, garbhphróitéine, luatha agus giosta, arna sloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim sa chiondáil bheatha, a bhaint toisc go n-áirithítear leis na hathruithe ar an liosta agus ar na cainníochtaí amhábhar, mar aon leis na paraiméadair shonracha a tugadh isteach, go bhfuil na ciondálacha beatha oiriúnach do mhuca atá beartaithe chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Beathú muc sa chéim fáis

Tuairisc

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 3, míreanna 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13 agus 14 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an dara céim, ar a dtugtar an chéim 'mhéathaithe' anois, cuirtear isteach tagairt do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a tugadh isteach le haghaidh na céim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach le haghaidh na céim mhéathaithe.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Meáchan an chonablaigh muice

Tuairisc

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 17, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear meáchan conablaigh muice troime aonair idir 110,1 kg agus 180,0 kg in ionad an chritéir maidir le meán-bheomheáchan 160 kg +/- 10 % in aghaidh na baisce.

Cúis: Trí fáil réidh leis an mbeomheáchan agus an critéar maidir le meáchan conablaigh aonair a chuimsiú, is féidir seiceáil níos beaichte a dhéanamh ar na ceanglais incháilitheachta maidir le gach muc a mharaítear, toisc gur modh níos trédhearcaí, níos cruinne, níos spriocdhírithe agus níos fearr go ginearálta é. Tá an méadú ar mheáchan muc nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar an ngéineolaíocht, ar leas ainmhithe agus ar chothú feabhsaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Deireadh a chur leis an bhforáil maidir le fianú le haghaidh muca aistrithe

Tuairisc

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 18, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis na hábhair a fhianóidh feirmeoirí i ndáil le muca a aistrítear idir tréada nó a sheachadtar chuig seamlais.

Cúis: Is gá an fhoráil sin a bhaint toisc go mbaineann sí leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Aicmí tráchtála lena mbaineann conablaigh muice

Tuairisc

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 19, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear 'a bhaineann le' in ionad na habairte 'a thiteann ar an meán laistigh de', i ndáil leis na haicmí lena mbaineann conablaigh muice troime.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun na haicmí lena mbaineann na conablaigh a úsáidtear chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh a léiriú ar bhealach níos beaichte, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Deireadh a chur leis an bhforáil maidir le fianú le haghaidh chéim an mharaithe

Tuairisc

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 20, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú baintear an fhoráil a bhaineann leis na hábhair a bhfuil marfóirí ainmhithe freagrach astu agus maidir le fianú comhréireachta gach baisce amhábhair.

Cúis: Is gá an fhoráil sin a bhaint toisc go mbaineann sí leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Uainiú an taifeadta ar mheáchan agus aicmiú conablach muice

Tuairisc

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 20, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear isteach leis an leasú foráil nach mór sonraí meáchain agus aicmiúcháin maidir le conablaigh aonair a thaifeadadh tráth an mharaithe.

Cúis: Soiléirítear go beacht leis an leasú an tráth nach mór meáchan agus aicmiú a thaifeadadh ionas go n-éascófar na seiceálacha gaolmhara.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Rialacha maidir leis an méid matáin ar an gcos

Tuairisc

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú méadaítear ó 6 cm go 9 cm an méid matáin lasmuigh de cheann an fhéimir [*pallino*].

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise an mhéadaithe ar mheáchan an chonablaigh agus dá réir sin ar mhéid na gcos úr a úsáidtear chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Tabhairt isteach an tséala atá greamaithe ag tús na próiseála

Tuairisc

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar séala isteach sa tsonraíocht táirge, atá le greamú ag tús na próiseála ar chosa atá oiriúnach do tháirgeadh Prosciutto di Norcia, mar aon le tuairisc ar an séala agus mionsonraí faoin bhfaisnéis atá le tabhairt air.

Cúis: Feidhmíonn an séala mar fheiste aitheantais lenar féidir a chinneadh go beacht cathain a cuireadh tús leis an bpróiseáil, lena n-áirítear chun gur féidir seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na híoscheanglais leasaithe le haghaidh Prosciutto di Norcia.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Teimpléad grafach don séala a ghreamaítear ag tús na próiseála

Tuairisc

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú teimpléad grafach le haghaidh an tséala atá le greamú ag tús phróiseáil Prosciutto di Norcia (Fíor 1) in éineacht le mionsonraí ar thoisí foriomlána an tséala agus ar thoisí a chodanna aonair.

Cúis: Trí theimpléad grafach agus mionsonraí maidir lena thoisí a thabhairt isteach, áirithítear go ndéantar an séala a ghreamaítear ag tús na próiseála a mhonarú i gceart le haghaidh na húsáide atá beartaithe dó.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Feistí aitheantais a úsáidtear in ionad an tséala a ghreamaítear ag tús na próiseála nó i gcomhcheangal leis an séala sin

Tuairisc

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann feistí aitheantais a úsáid in ionad nó i dteannta an tséala a ghreamaítear ag tús na próiseála.

Cúis: Trí fheistí aitheantais a úsáid in ionad nó i dteannta an tséala a ghreamaíonn an táirgeoir ag tús na próiseála, is féidir uirlisí rianaithe agus lorgaireachta eile a úsáid le haghaidh Prosciutto di Norcia i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Cainníochtaí piobair a úsáidtear le linn na céime saillte coise

Tuairisc

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear úsáid 'cainníochtaí beaga' piobair ag cainníocht céatadáin idir 0,5 % agus 2 % i gcoibhneas leis an gcainníocht iomlán salainn a úsáidtear ar gach cos le linn an tsaillte in ionad úsáid 'cainníochtaí beaga' salainn le linn na céime saillte.

Cúis: Leis an leasú, is féidir cainníochtaí beachta piobair atá le húsáid le linn na céime saillte a shonrú, rud a fhágann go bhfuil an tsonraíocht táirge níos soiléire, rud atá úsáideach do tháirgeoirí agus don chóras rialúcháin, d'fhonn a áirithiú go mbaintear amach na tréithe orgánaileipteacha in Airteagal 6.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Coinníollacha maidir le piobar a úsáid le linn na céime saillte coise

Tuairisc

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an coinníoll nár ghá piobar a úsáid le linn na céime saillte ach amháin i gcás nár úsáideadh é sa bhratú [*stuccatura*], agus dá bhrí sin tá gá lena úsáid i gcónaí.

Cúis: Tá údar leis an leasú mar gheall ar a iomchuí atá sé go seasann tréithe orgánaileipteacha Prosciutto di Norcia dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge amach níos mó fós nuair a itear an táirge; tá sé sin i gcomhréir le héilimh an mhargaidh, a mheastar go bhfuil dea-bholadh Prosciutto di Norcia atá beagán spíosraithe tábhachtach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Gairleog a úsáid le linn na céime saillte coise

Tuairisc

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú an rogha, le linn na céime saillte chun na cosa a úsáid chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh, gairleog a úsáid ag cainníocht chéatadáin nach mó ná 2 % faoi threoir na cainníochta iomláine salainn a úsáidtear ar gach cos le linn an tsaillte.

Cúis: Is iomchuí an leasú toisc gur féidir leis an rogha maidir le gairleog a úsáid rannchuidiú leis an dea-bholadh sainiúil beagán spíosraithe is gnách do Prosciutto di Norcia a fháil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Fad na céime saillte don dara cos

Tuairisc

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 6, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an raon faid don dara céim saillte ó 9-18 lá go 7-22 lá.

Cúis: Leis an leasú, is féidir an dara céim saillte a bharrfheabhsú bunaithe ar mheasúnú cúramach ar an táirge, agus tagairt á déanamh do thosca amhail an treocht i dtreo cion salainn a laghdú, i gcomhréir le moltaí cothaitheacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus meáchan méadaithe na gconablach agus, dá bhrí sin, meáchan méadaithe na gcos úr a úsáidtear chun Prosciutto di Norcia a tháirgeadh, d'fhonn na tréithe orgánaileipteacha dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge a fháil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Fad na céime ina ligtear don chos suí

Tuairisc

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 7, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú laghdaítear íosfhad na staide suanachta ó 2,5 mí go 2 mhí.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun deis a thabhairt do tháirgeoirí fad na céime ina bhfuil na cosa ag suí a choigeartú, bunaithe ar a méid agus ar a saintréithe próiseála; cuireann sé sin ar a gcumas do tháirgeoirí measúnú níos fearr a dhéanamh ar mhéid optamach thriomú na feola i leith mheáchan na gcos atá oiriúnach do tháirgeadh Prosciutto di Norcia.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5 - Uainiú chur i bhfeidhm an mhairc comhréireachta

Tuairisc

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú go bhfuil, ag deireadh an leasaithe, an marc comhréireachta ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 8 le cur i bhfeidhm ar Prosciutto di Norcia a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Cúis: Is é is cuspóir don leasú an chéim a shoiléiriú ag a gcuirtear an marc comhréireachta i bhfeidhm ar liamhása a chomhlíonann an tsonraíocht táirge TGFC, agus ar an gcaoi sin cinnteacht maidir le léirmhíniú agus inrianaitheacht táirgí a áirithiú, lena n-áirítear chun críocha an chórais rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5 - Feistí aitheantais a úsáidtear in ionad an mhairc comhréireachta nó i gcomhcheangal leis

Tuairisc

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 4 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann feistí aitheantais a úsáid in ionad an mhairc comhréireachta nó in éineacht leis.

Cúis: Trí fheistí aitheantais a úsáid in ionad nó i dteannta an mhairc comhréireachta a chuireann an táirgeoir i bhfeidhm, is féidir uirlisí rianaithe agus lorgaireachta eile a úsáid le haghaidh Prosciutto di Norcia i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 6 - An tráth a bhfuil na tréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha ann

Tuairisc

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 6, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointí 4.5 agus 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú gurb iad tréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha Prosciutto di Norcia na tréithe sin atá ann tráth a chuirtear an marc comhréireachta i bhfeidhm agus/nó an fheiste aitheantais a úsáidtear ina ionad nó ina theannta, rud lena gcinntear oiriúnacht an táirge lena chur ar an margadh.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun a shonrú an tráth nach mór tréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha Prosciutto di Norcia a bheith ann chun go mbeidh sé oiriúnach lena chur ar an margadh mar TGFC. Soiléirítear leis sin an nasc idir comhréireacht a sheiceáil agus an marc agus/nó an fheiste aitheantais a úsáidtear ina ionad nó in éineacht leis a chur i bhfeidhm; tá sé sin úsáideach d'oibreoirí agus don chóras rialúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - Athrú ar theideal Airteagal 7

Tuairisc

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, athraítear teideal Airteagal 7 den tsonraíocht táirge ó 'Rialuithe' go 'Cruthúnas tionscnaimh'.

Cúis: Tá gá leis an leasú ós rud é gur baineadh foráil Airteagal 7, mír 1, maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - An fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin a bhaint

Tuairisc

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 7, mír 1, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

Cúis: Is nuashonrú í an bhaint a bhfuil gá leis chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, ós rud é, de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143, nach bhfuil tagairtí don chomhlacht rialúcháin éigeantach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - Athrú téarmaíochta a bhaineann le táirgeoirí

Tuairisc

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 7, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an téarma 'elaboratori' in ionad an téarma Iodáilise 'produttori' chun tagairt a dhéanamh do tháirgeoirí.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun na heintitis a dhéanann próiseáil Prosciutto di Norcia a shonrú go beacht, a rialaítear le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge (Modh táirgthe [*Metodo di elaborazione*]).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - Eintitis a oibríonn sa slabhra táirgeachta

Tuairisc

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 7, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear pacálaithe agus slisneoirí leis na heintitis atá mar chuid de shlabhra táirgeachta Prosciutto di Norcia.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc go gceanglaítear leis na foirmeacha éagsúla inar féidir Prosciutto di Norcia a mhargú, dá dtagraítear in Airteagal 8 den tsonraíocht táirge, go n-áireofar pacálaithe agus slisneoirí freisin, chun críoch rialaithe, ar liostaí na n-eintiteas a oibríonn i slabhra táirgeachta TGFC.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - Foráil maidir le cruthúnas tionscnaimh

Tuairisc

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 7, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt d'inrianaitheacht an táirge (ar fud an tslabhra), arna ráthú trí fhaireachán a dhéanamh ar ionchuir agus aschuir chéimeanna an phróisis táirgthe.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun an fhoráil maidir le cruthúnas tionscnaimh a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Athrú ar theideal Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an focal 'lipéadú' le teideal Airteagal 8

Cúis: Is iomchuí an leasú toisc go n-áirítear in Airteagal 8 freisin na rialacha maidir leis an gcaoi a ndéantar Prosciutto di Norcia a lipéadú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Prosciutto di Norcia a shainaithint

Tuairisc

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointí 4.5 agus 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú go scaoiltear Prosciutto di Norcia lena thomhailt agus an marc comhréireachta air agus/nó an fheiste aitheantais a úsáidtear in ionad na feiste sin nó i gcomhcheangal léi, agus baintear an nath 'marc speisialta' dá réir sin.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun sainaithint Prosciutto di Norcia a shoiléiriú agus a neartú sa tsonraíocht táirge, agus tagairt shainráite don mharc comhréireachta agus/nó don fheiste aitheantais a úsáidtear ina ionad nó in éineacht leis a chur in ionad na tagartha cineálaí don mharc. Áirithítear leis sin soiléireacht níos fearr, rud atá úsáideach d'oibreoirí, do thomhaltóirí agus don chóras rialúcháin, lena n-áirítear i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta. [Féach leasú 19 agus leasú 20]

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Teimpléad grafach don mharc comhréireachta

Tuairisc

Leasú 29

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú teimpléad grafach don mharc comhréireachta.

Cúis: Is gá an teimpléad grafach don mharc comhréireachta a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an teimpléad a d'úsáid táirgeoirí cheana féin, chun a áirithiú go mbeidh Prosciutto di Norcia inaitheanta agus sainiúil láithreach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Saintréithe an teimpléid ghrafaigh don mharc comhréireachta

Tuairisc

Leasú 30

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú teimpléad grafach don mharc comhréireachta, ina dtugtar a thoisí foriomlána agus toisí a chodanna aonair.

Cúis: Fágann an leasú gur féidir an marc comhréireachta a atáirgeadh ar bhealach ceart agus aonfhoirmeach, rud a chuidíonn le barántúlacht Prosciutto di Norcia a áirithiú chomh maith lena shainiúlacht agus lena inaitheantacht.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Tuairisc ar an marc comhréireachta

Tuairisc

Leasú 31

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 2, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú tuairisc mhionsonraithe ar an marc comhréireachta.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun go bhféadfar an marc comhréireachta a atáirgeadh i gceart, go haonfhoirmeach agus go beacht, rud atá úsáideach d'oibreoirí, do thomhaltóirí agus don chóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Nós imeachta chun an marc comhréireachta a chur i bhfeidhm

Tuairisc

Leasú 32

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú an chuid den chos nach mór an marc comhréireachta brandáilte a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6, agus ceadaítear leis freisin an marc a atáirgeadh ar chodanna eile de chraiceann an liamháis chomh maith leis an dromchla seachtrach réidh.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun a áirithiú go bhfuil Prosciutto di Norcia sainiúil do thomhaltóirí agus chun obair na n-oibreoirí agus an chomhlachta rialúcháin a éascú. Is é is aidhm don fhéidearthacht an marc a chur arís ar chodanna den chraiceann chomh maith leis an dromchla seachtrach réidh a áirithiú go mbíonn an marc comhréireachta i láthair i gcónaí, lena n-áirítear nuair a bhíonn an táirge á ullmhú mar liamhás iomlán gan chnámha nó ina sciartha.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Sonraíochtaí maidir le feistí aitheantais le haghaidh Prosciutto di Norcia

Tuairisc

Leasú 33

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Soiléirítear leis an leasú go dtagraíonn an fhoráil don mharc comhréireachta agus cuirtear leis nach mór an fheiste aitheantais a úsáidtear in ionad an mhairc comhréireachta nó in éineacht leis a bheith ann nuair atá an táirge á ullmhú mar liamhás iomlán gan chnámha nó ina sciartha.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun a áirithiú go mbeidh Prosciutto di Norcia inaimsithe agus inrianaithe freisin i gcásanna ina n-úsáidtear feistí in éineacht leis an marc comhréireachta nó ina ionad, i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Prosciutto di Norcia réamhslisnithe a lipéadú

Tuairisc

Leasú 34

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le pacáistí Prosciutto di Norcia réamhslisnithe a lipéadú leis an lógó i bhFíor 4, ina bhfuil an t-ainm 'Prosciutto di Norcia IGP' [TGFC].

Cúis: Tá gá leis an leasú chun go bhféadfar an lógó a atáirgeadh i gceart, go haonfhoirmeach agus go beacht ar phacáistí Prosciutto di Norcia réamhslisnithe, rud atá úsáideach d'oibreoirí, do thomhaltóirí agus don chóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Teimpléad grafach don lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 35

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú teimpléad grafach le haghaidh lógó Prosciutto di Norcia atá le húsáid nuair a dhéantar an táirge a mhargú agus é réamhslisnithe.

Cúis: Is gá an teimpléad grafach a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an teimpléad atá in úsáid cheana féin ag táirgeoirí, chun a áirithiú go mbeidh an táirge faoi chosaint inaitheanta láithreach agus sainiúil freisin nuair a mhargaítear é mar Prosciutto di Norcia réamhslisnithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Sonraíochtaí don lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 36

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú íosairde (22 mm) agus íosleithead (30 mm) an lógó ar lipéid Prosciutto di Norcia réamhslisnithe agus luaitear ann, má atáirgtear an lógó i dtoisí atá níos mó ná na toisí íosta a leagtar síos sa tsonraíocht táirge, nár cheart an cóimheas idir airde agus leithead a athrú.

Cúis: Ceadaítear leis an leasú lógó Prosciutto di Norcia a úsáid ar bhealach aonfhoirmeach, lena n-áirithítear go bhfuil sé inléite agus inaitheanta agus go gcosnaíonn sé íomhá an táirge. Trí íostoisí a shocrú agus trína cheangal go bhfanfaidh airde agus leithead i gcomhréir lena chéile, cuirtear cosc ar atáirgeadh mí-oiriúnach, rud a chuidíonn lena áirithiú go bhfuil an TGFC sainiúil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Toisí an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 37

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar teimpléad grafach don lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe mar aon le híosairde agus íosleithead an lógó agus airde na bhfocal atá ann (Fíor 5).

Cúis: Fágann an leasú gur féidir an lógó a atáirgeadh i gceart ar lipéid táirgí réamhslisnithe, rud a chuidíonn le sainiúlacht agus inaitheantacht Prosciutto di Norcia a áirithiú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Rialacha maidir le sainiúlacht an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 38

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú rialacha maidir leis an íosmhéid spáis atá le fágáil folamh timpeall an lógó ar lipéid Prosciutto di Norcia réamhslisnithe.

Cúis: Áirithítear leis an leasú go mbeidh an lógó ar lipéid an táirge réamhslisnithe infheicthe agus inaitheanta i gceart; seachnaíonn sé sin cur isteach ó íomhánna nó ó théacs, rud a chuidíonn le sainiúlacht agus aonfhoirmeacht amhairc Prosciutto di Norcia a áirithiú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Limistéar maolánach ar lipéid le haghaidh an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 39

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia in éineacht le sonraíochtaí grafacha le haghaidh an limistéir mhaolánaigh nach mór do shlisneoirí a fhágáil saor timpeall an lógó sin ar lipéid Prosciutto di Norcia réamhslisnithe (Fíor 6).

Cúis: Leis an leasú, is féidir an lógó a atáirgeadh ar lipéid táirge réamhslisnithe ar bhealach lena n-áiritheofar sainiúlacht agus inaitheantacht Prosciutto di Norcia.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Dathanna an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe

Tuairisc

Leasú 40

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 3, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach rialacha maidir le dathanna an lógó ar lipéid Prosciutto di Norcia réamhslisnithe.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun a áirithiú gur féidir an lógó le haghaidh Prosciutto di Norcia réamhslisnithe a atáirgeadh ar bhealach aonfhoirmeach, rud a chuideoidh le sainiúlacht agus inaitheantacht an táirge a áirithiú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Siombail TGFC an Aontais Eorpaigh

Tuairisc

Leasú 41

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 4 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú foráil maidir le siombail TGFC an Aontais Eorpaigh a úsáid in dteannta an ainm Prosciutto di Norcia.

Cúis: Fágann an leasú gur féidir teacht i gcomhréir le hAirteagal 37(3) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Teimpléad grafach le haghaidh lógó Prosciutto di Norcia

Tuairisc

Leasú 42

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 5 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú teimpléad grafach le haghaidh lógó TGFC Prosciutto di Norcia [Féach leasú 35]

Cúis: Is gá an teimpléad grafach a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an teimpléad a d'úsáid táirgeoirí cheana féin, chun a áirithiú go mbeidh Prosciutto di Norcia inaitheanta agus sainiúil láithreach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 9 - Tabhairt isteach na forála maidir le 'Nasc leis an gcomhshaol'

Tuairisc

Leasú 43

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach sa tsonraíocht táirge Airteagal 9 nua 'Nasc leis an gcomhshaol', ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil 'Prosciutto di Norcia' nasctha leis an gcomhshaol, ina n-atáirgtear an fhaisnéis a thugtar i roinn 4 den doiciméad aonair a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* 2016/C 153/11 an 29 Aibreán 2016.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, a leagtar síos in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Prosciutto di Norcia’

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1554-AM01 — 30.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Prosciutto di Norcia’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 - ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Liamhás amh leasaithe atá in TGFC ‘Prosciutto di Norcia’, nuair a ghreamaítear an marc comhréireachta agus/nó na feistí aitheantais a úsáidtear ina ionad nó ina theannta, bíonn cruth piorra sainiúil air, bíonn meáchan ann nach lú ná 8,5 kg, agus is é an chuma a bhíonn air nuair a ghearrtar é cuma dhlúth agus bíonn dath idir bándearg agus dearg air. Bíonn dea-bholadh beagán spíosraithe air de ghnáth chomh maith le blas leasaithe ach gan bheith goirt.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna táirgthe agus leasaithe le haghaidh ‘Prosciutto di Norcia’ a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta atá sainithe i bpointe 5.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir ‘Prosciutto di Norcia’ a scaoileadh freisin lena thomhailt mar tháirge díchnámhaithe, slisnithe nó i sciartha de mhéideanna agus de mheáchan éagsúil. Le haghaidh margaíochta, ní mór gach cineál táirge den sórt sin a phacáistiú i gcoimeádáin bhia oiriúnacha nó brait bhia oiriúnacha nach mór a shéalú agus a lipéadú i gceart. Agus an liamhás iomlán díchnámhaithe, nó codanna den liamhás díchnámhaithe, á ullmhú, ní mór an marc comhréireachta brandáilte a bheith infheicthe i gcónaí agus/nó ní mór an fheiste aitheantais a úsáidtear ina ionad nó in éineacht leis a bheith ann i gcónaí.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Scaoiltear 'Prosciutto di Norcia' lena thomhailt agus an marc comhréireachta air - agus/nó an fheiste aitheantais a úsáidtear ina ionad nó in éineacht leis - ag sainaithint an táirge. Is éard atá sa mharc, a ghreamaítear trí bhrandáil dóiteáin, lógó ar a bhfuil an t-ainm 'Prosciutto di Norcia IGP' [TGFC] mar a léirítear thíos:



Ní mór ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Prosciutto di Norcia' a bheith i litreacha soiléire doscriosta, inaitheanta go soiléir ó aon fhoclaíocht eile ar an lipéad agus na focail 'Indicazione geografica protetta' ['Tásc Geografach faoi Chosaint'] agus/nó na hinisealacha 'IGP' ['TGFC'] díreach ina dhiaidh, nach mór a aistriú go teanga na tíre ina margaítear an táirge, agus siombail TGFC an Aontais ag gabháil leis i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm. Tá na tásca sin ag gabháil le lógó an ainmniúcháin, mar a léirítear thíos:



Tá toirmeasc ar aon tuairisc a chur isteach nach ndéantar foráil shainráite maidir leis.

Mar sin féin, údaraítear úsáid a bhaint as tásca lena ndéantar tagairt d'ainmneacha, d'ainmneacha cuideachta agus do mharcanna príobháideacha, seachas iad siúd a bhfuil impleachtaí comhlántacha acu nó ar dócha go gcuirfidh siad an tomhaltóir amú, mar aon le hainmneacha feirmeacha muc as a dtagann an táirge.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear sa limistéar geografach ina dtáirgtear 'Prosciutto di Norcia' an talamh i mbardais Norcia, Preci, Cascia, Monteleone Spoleto agus Poggiodomo atá suite ag airde os cionn 500 méadar os cionn leibhéal na mara.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

An limistéar geografach a léirítear i bpointe 5, saintréith de is ea dromanna sléibhe arda, rud a chuireann cosc ar shreabhadh aeir thais isteach ón bhfarraige, agus ar fhoirmíochtaí cailce a ligeann d'uisce báistí scaipeadh. Leis na saintréithe sin, mar aon leis an bhfios gnó agus an t-eolas speisialta a fuair na háitritheoirí áitiúla le himeacht na mblianta i réimse na feirmeoireachta muc agus ullmhú gearrthacha muiceola, cothaíodh timpeallacht nádúrtha agus dhaonna optamach chun liamhás ardcháilíochta a tháirgeadh sa limistéar geografach sin.

Bíonn cuma ar liamhás 'Prosciutto di Norcia' nuair a ghearrtar é atá dlúth, bíonn dath idir bándearg agus dearg air, agus bíonn dea-bholadh beagán spíosraithe air de ghnáth agus blas leasaithe air ach ní bhíonn blas goirt air.

Tá dlúthnasc idir cáilíocht shonrach 'Prosciutto di Norcia' ní hamháin leis na tosca daonna a bhaineann lena ullmhú ach leis na dálaí comhshaoil freisin. Tá comhshaol nádúrtha an limistéir fabhrach go háirithe don phróiseas aibithe agus leasaithe mar gheall ar shaintréithe aeráide agus cineál an tír-raoin, mar a thugtar tuairisc thuas. Chomh maith leis sin, bhí cáil cheana féin ar an ealaín a bhain le caomhnú na muiceola i réigiún Nursino in aimsir na Rómhánach. Mar thoradh ar an mbochtaineacht a bhaineann le feirmeoireacht sléibhe agus ar an tréimhse neamhghníomhaíochta a forchuireadh le linn an tséasúir fhuair, rinne áitritheoirí an réigiúin speisialtóireacht i ngníomhaíochtaí feirmeoireachta beostoic. Scaip na gníomhaíochtaí sin le linn thréimhse na Poblachta agus Impireacht na Róimhe, agus faoi cheannas na hEaglaise, a rinne iarracht an leas is fearr is féidir a bhaint as ceantair thuaithe Lazio. Dá bhrí sin, bhí na háitritheoirí áitiúla ina speisialtóirí in anatamaíocht agus i marú muc, chomh maith le hullmhú agus caomhnú gearrthacha muiceola trí úsáid a bhaint as an ngnáthfhios gnó a chaomhnaítear fós sa lá atá inniu ann, agus na gearrthacha á ndíol, á sailleadh agus á leasú ar fud an limistéir.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F4%252Fd%252FD.044575aab966a5e5d634/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download